mo shula ar an duthaigh alainn lena radharcra draiochta a bhi ag spreacharnaigh fe lonnradh na greine. O thuaidh bhi Sleibhte an Chomaraigh; o dheas bhi na cnoic, na pairceanna agus na goirt fena seanualach arbhair agus torthulachta; siar bhi an bothar go dti an Aird Mhor agus machairi meithe fearmhara ar gach taobh de agus soir bhi an fhairrge agus an Rinn, An Tir Tarngaire.

Sios le fanaidh liom timpeall mile no mar sin go dti an colaiste ach ni im aonar a bhios anois mar bhi gasra eile a raibh a n aghaidh tugtha aca ar an gceann scribe cheanna: fir oga scafanta agus cailini oga dathula - na mbeirteanna, na dtriuir agus na gceathrair; iad go leir go gealgairiteach meidhreach, cuid aca ag spalpadh na Gaeilge go blasta, cuid eile a labhairt go mall briotach, ach iad go leir a labhairt, peaca blasta no briotach doibh. Igceann tamaill bhig, shroiseamar an colaiste. Bhi an Fear Mor ann beannacht De lena anam, le fearadh na fiorchaoin failte do chur romhainn agus le aoiocht, loisdin, do shocru dhuinn. Cuireadh mise agus duine no beirt eile siar go Baile na nGall mar ar chuireamar fuinn in Oifig a'Phoist. Daoine deasa lacha ab ea muintir an ti. Bhi roinnt daoine eile ar loisdin ann, leis, agus ba ghairid an mhoill orainn cairdeas a dheanamh lena cheile.

Maidean an lae a bhi chughainn thosnaiomar ag freastal ar na cursai sa cholaiste. Bhidis siud ar siul cheithre uair a'chloig gach la on Luan go dti an Aoine - on a deich ar maidin go dti meanlae. Thimis abhaile ar a 12 a'chloig chun an lon a chaitheamh agus bhimis saor go dti a do no mar sin agus bhimis ag gabhail don leann as san go dti a ceathair. Indiaidh na ranganna bhi cead ar gcos agus ar gcinn againn agus o tharla an uain bheith go brea grianmhar bhimis ag snamh, ag siul no ag rothaiocht go dti am seire.

Ist oiche bhiodh ceili i seomra mor an cholaiste Idteannta na stroinseiri bhiodh cuid mhor de bhuachailli agus de chailini na Rinne i lathair, iad go leir ag deanamh na rinnci Gaelacha le cheile. Is mor an t-athas a bhi orm, is ea agus an brod leis go raibh ar mo chumas na rinnci aille briomhara Gaelacha a dheanamh mar